

Cruinniú 29: Oifigí Chomhairle Contae Lú, Sráid an Aonaigh, Droichead Átha

Dé hAoine an 19 Iúil 2024

Pléadh an t-easnamh san acmhainní don tionscadal Driving Change Through Sport agus leagadh béim ar leith ar acmhainní sonracha mar chóiríocht, trealamh TF agus tacaíocht TF. Tá cruinniú le tionól le Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla Lú agus na Mí agus le húdaráis áitiúla chun athbhreithniú a dhéanamh.

Tá maoiniú faighte ag ABC Lú do chuariteoirí baile breise i nDroichead Átha, rud a fhágann go bhfuil ceithre fhoireann san acmhainn seo. Tá 3 chlár cleachtas athchóiritheach phobalbhunaithe (RP) curtha ar fáil ag ABC Lú le bliain anuas i nDroichead Átha. Tá tuilleadh oiliúna beartaithe do shuíomhanna bunscoile sa bhliain acadúil nua.

Leanann CLG Mol Pobail Bhaile Fearainn na Mónadh Móire ag plé le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe tofa áitiúla maidir leis an ngá atá leis an pobail seo a fhorbairt. Leagadh béim ar chumas sínte na n-eagraíochtaí pobail atá ag obair i gceantar na Mónadh Móire ó thaobh spáis de chun seirbhísí a sholáthar. Rachaidh Comhairle Contae Lú i dteagmháil a thuilleadh leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir le féidearthacht do thacaíocht bhreise chun an tionscadal a thabhairt go dtí an chéim phleanála.

Áiríodh le Seirbhísí Meabhairshláinte FSS Lú agus na Mí aighneacht do sheirbhísí comhairleoireachta meabhair-shláinte breise do leanaí agus d'ógánaigh chuig Oifig Náisiúnta Meabhair-Shláinte Leanáí agus Óige FSS (NCYMHO) le breithniú a dhéanamh ar mhaoiniú in 2025 mar fhreagra ar ghníomh 5.5 de Tuarascáil ar an bplean forfheidhmithe an Dhroichead Átha.

Tá post an Chomhordaitheora Imeaglú Bainteach le Drugaí agus Rannpháirtíochta le Foréigean (DRIVE), arna acmhainniú trí Ghníomh 3.9 de Tuarascáil ar an bplean forfheidhmithe an Dhroichead Átha, athfhógartha ag Merchants Quay Ireland le scála tuarastail méadaithe. Is é an 25 Iúil 2024 an spriocdháta.

Tugadh faoi deara go raibh méadú ar líon na ndaoine a d'úsáid an líne téacs (50555) saor in aisce agus gan ainm See Something Say Something. Leagadh béim ar an scéal nach féidir an tseirbhís seo a úsáid le haghaidh teagmhais nó éigeandálaí a dteastaíonn tacaíocht 999 uathu.

Tá méadú suntasach tagtha ar rannpháirtíocht an Gharda Síochána agus Meabhairshláinte FSS ag an leibhéal áitiúil mar fhreagra ar ghníomh 2.8 de Thuarascáil ar an bplean forfheidhmithe an Dhroichead Átha. Tá feachtas chun aird a tharraingt ar thacaíochtaí agus acmhainní meabhairshláinte sa réimse á phleanáil i gcomhar leis an Oifigeach Acmhainní um Fhéinmharú a Chosc.

Tugadh faoi deara go bhfuil líon íseal iarratas faighte ó Dhroichead Átha maidir leis an gCiste Aitheantais Pobail. Cuirtear fáilte roimh aighneachtaí cuí ón réimse seo.